BEATHA TEANGA

An Ghaeilge: Teanga na Cumarsáide, an Spraoi agus an tSóisialaithe

Spreagsmaointe do bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Urraithe ag

Foras na Gaeilge

An Clár

Réamhrá	2
Fís na scoile	3
An Ghaeilge sa Chlós	7
Seirbhísí seachtracha sa scoil	11
Timpeallacht Ghaelach a chruthú	14
Feasacht Teanga a chothú	17
An Coiste Gaeilge	21
Pobal na Gaeilge lasmuigh de gheataí na scoile	25
Ról na dtuismitheoirí	29
Tacaíocht Teanga do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí	33
Ról an Mhúinteora	36
Tacaíocht Foghlama	40
An Bord Bainistíochta	43
Earcú Foirne agus ceist na Gaeilge	47
Riaracháin	50
Aguisín A: Tobsmaointeoireacht	53
Aguisín B: Teimpléad	54
Aguisín C: Suirbhé Scoile	55

Réamhrá

Cén fáth a bhfuil cur chun cinn na Gaeilge agus teanga an tsóisialaithe tábhachtach?

Tá teanga an tsóisialaithe lárnach de spriocanna agus d'fhís gach scoil atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge. Tá sé aitheanta go forleathan gur gá úsáid nádúrtha na teanga a spreagadh go réamhghníomhach agus go gníomhach idir daltaí i dtimpeallacht iomlán na scoile chun pobal láidir teanga a bhunú agus a bhuanú. Is sna scoileanna a chruthaítear na príomhghréasáin shóisialta a mbíonn na daoine óga rannpháirteach iontu, agus tá na gréasáin seo i measc na ngréasán is láidre tionchair ó thaobh iompar teanga a chruthú, a chothú agus a chleachtadh.

Cén sprioc atá leis an leabhrán seo?

Is í sprioc an leabhráin seo ná dearcthaí dearfacha agus gníomhartha a spreagadh i measc phobail na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a chuirfidh le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an spraoi agus an tsóisialaithe. Tuigeann Gaeloideachas go mbíonn dúshláin ag na scoileanna lán-Ghaeilge leis seo mar go hiondúil, ní bhíonn na scoileanna suite i lár pobail ina bhfuil an Ghaeilge ina gnáth-theanga chumarsáide. Tá go leor scoileanna i gceantair Ghaeltachta a bhfuil an dúshlán teanga céanna acu. Beidh an leabhrán seo agus na huirlisí iniata chun leasa na scoileanna lán-Ghaeilge sin agus chun leasa na scoileanna Gaeltachta atá ag feidhmiú a gcuid pleananna gníomhaíochta faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Leagan píolótach é an leabhran seo agus is cinnte go dtiocfaidh smaointe agus moltaí chun cinn de réir mar a bhaineann scoileanna úsáid as. Tá sé mar sprioc ag Gaeloideachas cur leis an gcáipéis bunaithe ar an aiseolas.

Cé dó an leabhrán seo?

Baineann an Ghaeilge le gach ball de phobal na scoile - daltaí, tuismitheoirí, an fhoireann teagaisc, an fhoireann tacaíochta, an príomhoide, an Bord Bainistíochta agus Coiste na dTuismitheoirí. Dá réir, tá deis ag gach duine a bhfuil baint acu leis an scoil an Ghaeilge mar theanga nádúrtha cumarsáide na ndaltaí a spreagadh agus a chothú, agus meon dearfach ina leith a chothú, beag beann ar cén leibhéal líofachta nó cumais atá acu sa teanga.

Conas an leabhrán seo a úsáid?

Sa leabhrán seo tá dhá uirlis úsáideacha leagtha amach don scoil chun an Ghaeilge a spreagadh mar theanga an tsóisialaithe, is iad sin:

I. Liosta spreagsmaointe do phobal na scoile, briste síos de réir na ngrúpaí éagsúla a chomhdhéanann pobal na scoile chun an Ghaeilge a spreagadh mar theanga nádúrtha an tsóisialaithe
II. Teimpléad de Pholasaí Labhairt na Gaeilge - a bhfuil na ceannteidil ann ach atá le hiomlánú de réir rogha agus mianta na scoile ag eascairt as an gcáipéis seo (Aguisín B).

Ag úsáid an leabhráin seo mar threoir moltar go ndéanfadh an príomhoide / éascaitheoir seisiúin chomhairliúcháin/tobsmaointeoireachta le pobal na scoile / spriocghrúpaí ar leith den phobal le moltaí agus smaointe a bhailiú a d'fhéadfaí a chur isteach i bPolasaí Labhairt na Gaeilge don scoil agus / nó chun plé a thosú ar cén fhís agus sprioc atá ag an scoil trí chéile ó thaobh na Gaeilge mar theanga na cumarsáide agus an tsóisialaithe. I ngach rannóg tá spreagcheisteanna agus spreagsmaointe leis na seisiúin phlé a éascú. Mar thoradh na hoibre seo, ní hamháin go mbeadh polasaí Labhairt na Gaeilge ag an scoil ach bheadh ionchur phobal na scoile uile faighte a spreagfadh úinéireacht ar chur i bhfeidhm an pholasaí céanna.



Roinnt spreagcheisteanna: **Fís na scoile**

An bhfuil fís ag an scoil do labhairt na Gaeilge? Má tá, an bhfuil sí soiléir do na páirtithe éagsúla?

An bhfuil an fhís réadúil / uaillmhianach nó ró-uaillmhianach?

Cén fhís atá ann?

Cén luach a chuireann an scoil ar pholasaí labhairt na Gaeilge?

Cén léiriú atá ar sin?

An bhfuil Polasaí Labhairt na Gaeilge ann cheana, agus an dtagann sé leis an bhfís?

An bhfuil ag éirí leis an scoil an an fhís a bhaint amach?

Cén chuma a bheidh ar an scoil agus Polasaí Labhairt na Gaeilge curtha i bhfeidhm go héifeachtach?

An Scoil Ghaeltachta í? An bhfuil sí páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta?

Céard leis a bhfuil an scoil ag súil ó thaobh labhairt na Gaeilge? Céard atá réadúil, ag tógáil cúinsí, comhthéacs agus éiteas na scoile san áireamh?

An bhfuil sé mar sprioc ag an scoil deis a chur ar fáil do pháistí saol scoile iomlán a chaitheamh trí Ghaeilge, nó níos leithne ná sin?

Roinnt spreagsmaointe: **i dtreo fhorbairt na físe**

1

Go ndéanfaí sainiú ar a bhfuil i gceist le héiteas teanga na scoile agus go dtuigeann gach ball de phobal na scoile a ról maidir leis an éiteas sin a chosaint, a láidriú agus a chur chun cinn.

2

Go ndéanfaí meon dearfach i leith na teanga do phobal uile na scoile a chothú.

3

Go ndéanfaí timpeallacht iomlán Ghaelach a chothú i measc na ndaltaí, a dtuismitheoirí agus phobal uile na scoile.



4

Go mbainfidh gach dalta barr a c(h)umais amach sa Ghaeilge agus go bhfuil sé ar a c(h)umas idirchumarsáid go héifeachtach agus go saibhir le chéile, agus go mbeidh an tacaíocht chuí ar fáil dóibh barr feabhais a bhaint amach sna gnéithe uile den churaclam.

5

Go meabhraítear dá mhéad cumasú a dhéantar ar an nGaeilge mar theanga an tsóisialaithe i measc na ndaltaí, is ea is líofa a bheidh siad.

6

Go ndéanfaí tuiscint a mhéadú agus a dhaingniú gurb í an Ghaeilge teanga na cumarsáide i gcónaí sa scoil.

7

Go mbeidh an Ghaeilge mar theanga riaracháin do ghnó na scoile i gcónaí.

11

Gurb í an Ghaeilge an meán cumarsáide nádúrtha sna ranganna, sa chlós, ag imeachtaí iarscoile, idirscoile agus ag aon imeacht eile ag a dtagann pobal na scoile le chéile.



8

Go ndéanfaí dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a chothú, rud a mhéadóidh an leibhéal úsáide.

10

Go ndéanfaí plé oscailte le pobal na scoile faoina síleann siad féin faoi ról a bheith acu nó gan a bheith acu i leith na Gaeilge agus tuiscint a chothú faoi thábhacht na ról faoi seach. Áirítear anseo an múinteoir, an fhoireann tacaíochta, an bhainistíocht, an bord bainistíochta, Coiste na dTuismitheoirí, an Coiste Gaeilge, na daltaí agus na tuismitheoirí / caomhnóirí.

9

Go mbeidh sainiú déanta ar na hionchais chumarsáide atá ann ó thaobh labhairt agus úsáid na Gaeilge sna ranganna faoi seach.

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.

Roinnt spreagcheisteanna: **An Ghaeilge sa Chlós**

Cé chomh tábhachtach agus atá an teanga atá in uachtar sa chlós ar Pholasaí Labhairt na Gaeilge sa scoil?

Cén t-ionchas atá ann ó thaobh labhairt na Gaeilge ó rang na naíonáin bheaga ar aghaidh?

Cén chuma a bheidh ar an gclós nuair atá an Polasaí Labhairt na Gaeilge i bhfeidhm?

An aithnítear go bhfuil cúramaí dochta teanga ar an múinteoir atá i bhfeighil an chlóis? Cén chaoi a dtugtar feidhm do na cúraimí sin?

Cén difríocht a dhéanfaidh sé an Ghaeilge a bheith mar theanga an chlóis?

Cad iad na córais atá ann chun na daltaí a mhealladh agus a spreagadh i dtreo na Gaeilge?

Cé a ghlacfaidh freagracht as teanga an tsóisialaithe sa chlós?

An bhfuil na páirtithe uile aontaithe gur sprioc réadúil a bheadh ann Gaeilge amháin a bheith á labhairt sa chlós (ag tógáil san áireamh nach mbeadh an teanga riachtanach ar fad ag na naíonáin)?

Cad is féidir a dhéanamh sa chlós chun an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe a spreagadh?

Cad iad na céimeanna a ghlacfar le Gaeilge a mholadh sa chlós?

An mbaintear leas as tobar teanga dhaltaí na n-ardranganna a úsáid am sosa agus am lóin chun cabhrú leis na naíonáin súgradh as Gaeilge, go háirithe ag tús na bliana?

An bhfuil sé mar shainsprioc ag Polasaí Labhairt na Gaeilge go mbeidh de chumas ag dhaltaí ó Rang a hAon ar aghaidh an Ghaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide sa rang agus sa chlós?

Cad iad na dúshláin shóisialaithe teanga i measc na ndaltaí faoi láthair?

Roinnt spreagsmaointe: **An Ghaeilge sa Chlós**

1

Go mbeadh an cur chuige céanna in úsáid ag an duine atá i bhfeighil an chlóis – agus go ndéanfaí measúnú ar an teanga atá in úsáid – agus straitéisí chun dul i ngleic leis an bhforbairt dá réir.

2

Go ndéanfaidh an múinteoir múnlú ar an teanga go dearfach sa chlós. Eiseamláirí samplacha d'fheidhmeanna teanga a thabhairt. Ní mór iad a chur in oiriúint do riachtanais do scoile ó thaobh cúlra teanga na bpáistí, canúint, timpeallacht.



3

Go n-úsáidfí 'Spreag an Ghaeilge le spraoi' ó COGG mar uirlis teanga chun an Ghaeilge a shaibhriú sa chlós.

4

Go ndéanfaidh múinteoirí atreorú ar idirghníomhú Béarla ar mhaithe le húsáid na Gaeilge a spreagadh.

5

Toisc gur suíomh cumarsáide é clós na scoile caithfear díriú ar riachtanais teanga na bpáistí go foirmiúil sula dtéann siad i mbun na ngníomhaíochtaí/ gcluichí as a stuaim féin. Déantar cleachtadh ar an teanga seo go rialta. Is fiú deis a thabhairt don pháiste triail a bhaint as sa chlós i dteannta an mhúinteora.

6

Go n-úsáidfí straitéisí éagsúla clóis – cluichí clóis a mhúineadh do na leanaí óga trí Ghaeilge agus cúntóirí/daltaí níos sine a chur i mbun an chlóis chun imirt leo.

7

Go n-úsáidfí teimpléad fisiciúil chun eolas a bhailiú faoi na heasnaimh atá acu – lena chinntiú go bhfuil an teanga shóisialta chuí ag daltaí. (ar bhonn breathnóireachta amháin chun eolas a bhailiú).



8

Tá sé riachtanach aon dea-iarracht sa chlós a mholadh agus aitheantas a thabhairt dá réir. Moltaí spreagúla eile ná:-
- Gaeilgeoir na Seachtaine
- Duais/suaitheantas/plaic a bhronnadh
- Grianghraf ar chlár aitheantais na Scoile
- Fráma aitheantais/ ionchur sa nuachtlitir

9

Go dtabharfaí ticéid sa chlós do dhaltaí atá ag déanamh an-iarracht an Ghaeilge a úsáid sa chlós le daltaí eile.
D'fhéadfaí bronnadh ag am Tionóil ag deireadh na míosa a dhéanamh, mar shampla:-
- Bua ag Rang ar leith
- Duais ranga a bhronnadh (mar shampla turas)
- Grianghraf ar chlár aitheantais na Scoile

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.

Nod don eolach!
Ar thuig tú go raibh na háiseanna seo ann chun an Ghaeilge a spreagadh sa chlós:
Spreag an Ghaeilge le Spraoi – Scaoil Uait í! - Leabhrán agus físeán chun tacú le múinteoirí an Ghaeilge a spreagadh sa chlós.
Rainn Chlóis - Rainn do pháistí idir óg agus aosta le húsáid sa chlós www.StMarysBelfast.ac.co.uk
Lámha in Airde - Leabhar gníomhaíochta don chlós www.LamhaInAirde.ie

Roinnt spreagcheisteanna: **Seirbhísí seachtracha sa scoil**

Cén tionchar a bhíonn ag seirbhísí seachtracha ar theanga an tsóisialaithe sa scoil?

Cén fhís atá ag an scoil d'imeachtaí iarscoile agus an Ghaeilge?

An mbíonn imeachtaí scoile teoranta d'imeachtaí i nGaeilge agus do sholáthar siamsaíochta i nGaeilge amháin?

Cad iad na dúshláin atá ann ó thaobh seirbhísí seachtracha a úsáid i nGaeilge?

Cad is féidir a dhéanamh le linn imeachtaí scoile chun an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe a spreagadh nó seirbhís a chur ar fáil ó soláthróir seachtrach?

Cén teanga atá in uachtar ag daltaí le linn do sheirbhísí seachtracha a bheith sa scoil? Agus cén fáth?

Cad iad na seirbhísí seachtracha is mó a chuirfidh le húsáid na teanga i measc na bpáistí?

Roinnt spreagsmaointe: **Ról na seirbhísí seachtracha i leith Pholasaí Labhairt na Gaeilge agus an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe**

1

Iarrfar ar chuairteoirí atá ag cur seirbhísí ar fáil don scoil, iad a chur ar fáil trí Ghaeilge, mar shampla, seirbhísí fiaclóireachta, altranais, teiripe urlabhra, srl.

2

Tabharfar tús áite i gcónaí do dhaoine atá in ann seirbhísí sásúla trí Ghaeilge a chur ar fáil.

3

Iarrfar ar aon chuairteoir a labhraíonn leis na daltaí, é seo a dhéanamh i nGaeilge (seachas má bhaineann sé le curaclam an Bhéarla agus i gcásanna eisceachtúla a cheadaíonn an Bord Bainistíochta).



4

Is í nGaeilge a dhéanfar searmanais eaglasta agus na sacraimintí ar a bhfreastalaíonn na daltaí mar chuid den scoil, de réir mar is cuí.

5

Moltar clár/plean a chur le chéile d'imeachtaí a bheidh chun leasa na Gaeilge.

6

Má chuirtear clubanna obair bhaile nó iarscoile ar fáil, go mbeidh Gaeilge ag na daoine atá ag obair ann agus mar pholasaí acu Gaeilge amháin a labhairt.

7

Imeachtaí rialta a chuireann béim ar an gcaint shóisialta – drámaíocht, díospóireachtaí, féilte Oireachtais, féilte scoildrámaíochta, ceoil srl.

Nod don eolach!
Cuireann Gaeloideachas deontas tacaíochta ar fáil do scoileanna chun imeachtaí a reáchtáil i gcomhar lena chéile. Tá gach eolas ar fáil faoin scéim Le Chéile Trí Ghaeilge ar www.gaeloideachas.ie

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.

Roinnt spreagcheisteanna: **Timpeallacht Ghaelach a chruthú**

Cé a ghlacfaidh freagracht as timpeallacht Ghaelach a chruthú agus a chothú?

Cén tionchar atá ag timpeallacht ar labhairt na Gaeilge / ar an nGaeilge mar theanga an tsóisialaithe sa scoil?

Conas mar a shamhlaítear an scoil agus timpeallacht láidir Ghaelach / i nGaeilge ann?

An bhfuil sé i gceist comharthaíocht agus fógraí a chrochadh i nGaeilge amháin?

Cad is féidir a chur go feiceálach leis an timpeallacht chun timpeallacht shaibhir Ghaelach / i nGaeilge a chruthú (Cairt teanga, fáiltiú, póstaer nathanna, clár fógraí ag an gCoiste Gaeilge, grianghraif den Choiste Gaeilge, grianghraif de na hambasadóirí teanga atá sásta Gaeilge a labhairt/spreagadh i measc daoine eile)?

Má tá cúram iarscoile ann, an bhfuil an gnó trí Ghaeilge agus go feiceálach trí Ghaeilge amháin?

Roinnt spreagsmaointe: **Timpeallacht Ghaelach a chruthú**



1

Go leagfar béim an-láidir ar an oidhreacht Ghaelach – idir cheol, chluichí, dhamhsa agus eile.
Cothóidh sé seo forbairt na ndaltaí agus láidreoidh sé féiniúlacht agus cultúr na Gaeilge sa scoil.

2

Cothófar Feasacht teanga trí chomharthaíocht fhisiciúil fud fad na scoile laistigh agus lasmuigh – a dhéanfaidh é a éascú do thuismitheoirí – nasctha leis an teanga riachtanach atá ag teastáil.

3

Nathanna úsáideacha do thuismitheoirí/cuairteoirí a chrochadh ag fáiltiú na scoile.

4

Go mbeadh bronnadh ann ag deireadh na bliana ar Ambasadóir na nÓg. Dalta a rinne sár obair i leith úsáid na Gaeilge ar scoil.

5

'An Ghaeltacht' mar chomhartha ag geata na scoile mar ancaire teanga.

6

Go mbeidh ann teanga fite fuaite trí ealaín an chlóis, le timpeallacht shaibhir fhisiciúil ó thaobh na teanga de.

7

Go mbeidh nasc láidir le tuismitheoirí, oícheanta oscailte ag míniú polasaithe scoile agus an tacaíocht atá ag teastáil uathu.

8

Go mbronnfar teastas ar bhall de choiste na Gaeilge a rinne sár obair i rith na bliana i leith úsáid/spreagadh na Gaeilge.

9

Go gcothófar timpeallacht atá fabhrach agus spreagúil d'úsáid na Gaeilge sa scoil agus a chuirfidh ar chumas na ndaltaí cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge sna suíomhanna éagsúla ina mbeidh siad, mar shampla sa rang, i mbun spóirt, ag spraoi, srl.

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.

Roinnt spreagcheisteanna: **Feasacht Teanga a chothú**

Cén tuiscint atá ag an scoil / ag na daltaí ar fheasacht teanga?

Cén chaoi ar féidir an fheasacht a chothú?

Cén ról atá ag daltaí ann?

Cén t-idirdhealú atá sa chur chuige atá ann do pháistí a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu agus páistí atá ag foghlaim?

An mbreathnaítear ar labhairt an Bhéarla d'aonghnó mar shárbhriseadh rialacha? An bpléifear leis i gcomhthéacs an pholasaí iompair atá leagtha amach ag an scoil?

Cad iad na céimeanna a leanfar má tá labhairt an Bhéarla ag tarlú go rialta agus d'aonghnó?

Roinnt spreagsmaointe: **Feasacht Teanga a chothú**

1

Go mbeadh comhthuiscint ina measc go labhróidís Gaeilge go fonnmhar ag aon imeachtaí scoile lasmuigh den scoil agus gach áit laistigh den scoil.

2

Go gcreidfidís gur saibhir a gcuid oideachais agus cumarsáide trí bheith ag labhairt na Gaeilge go nádúrtha, go fonnmhar, agus go coinsiasach eatarthu féin.



3

Go ndéanfaidís córas a aontú sa rang – Ó thaobh cé na hionchais atá acu futhú féin, faoi dhaoine eile, cé na riachtanais atá ann, cé na gnímh a ghlacfaidh siad, agus cé na himpleachtaí a mholann siad má chinneann siad go coinsiasach gan Gaeilge a labhairt.

4

Go ndéanfaí eiseamláirí / ambasadóirí teanga a aithint - Córas na gCinnirí. Is fiú daltaí ó na hardranganna a úsáid i rith am sosa agus am lóin chun cabhrú leis na naíonáin súgradh as Gaeilge, go h-áirithe ag tús na bliana.

5

Go mbunófaí feachtais/duaiseanna ó thaobh an rang is fearr, an duine is fearr chun an Ghaeilge a labhairt agus a chur chun cinn.

6

Go gcothófaí úinéireacht agus bród sna daltaí as an teanga agus go nglacfaidís leis go hiomlán gurb é polasaí na scoile ná an Ghaeilge a labhairt lena chéile agus leis an bhfoireann an t-am ar fad (seachas le linn ceachtanna Béarla agus teangacha eile).

7

Féadfar ceistneoir a dháileadh ar dhaltaí mar chuid de phlé faoi luach na teanga agus feasacht teanga. Moltar é seo do ranganna 2-6. Cabhróidh an ceistneoir le bonnlíne a aithint faoi nósanna teanga agus meon na ndaltaí i leith na teanga. Féadfar é a athdhéanamh ag staid ar bith, leis na ceisteanna céanna, chun féachaint ar tháinig athrú ar mheon nó ar a gcuid nósanna.

12

Go mbeidh béim á cur ar mhúineadh teanga shóisialta agus teanga imeartha do na daltaí sna ranganna.

11

Go mbeidh béim ar Ghaeilge chruinn ó thaobh na gramadaí de, agus go mbeidh sí saibhir, nádúrtha agus dúchasach.



8

Go ndéanfaidh na daltaí comórtas/feachtas conas an Ghaeilge a chur chun cinn a dhearadh, a fheidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh air.

10

Go ndéanfar comórtas a rith chun an chruthaitheacht i leith na teanga a spreagadh.

9

Go bhforbrófar timpeallacht ina gcothófar agus ina saibhreofar cumas teanga agus stór focal na ndaltaí. Déanfar é seo ar bhealach spreagúil chun go gcuirfear le muinín agus cruinneas na ndaltaí.

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.

Roinnt spreagcheisteanna: **An Coiste Gaeilge**

Ar smaoinigh an scoil ar choiste Gaeilge a chur le chéile?

Cén ról a bheidh ag an gcoiste i gcur i bhfeidhm Polasaí Labhairt na Gaeilge

Cé a bheidh ar an gcoiste agus cén fáth?

Cén tionchar/ról a bheidh ag an gcoiste ar theanga an tsóisialaithe sa scoil?

An bhfuil an fhís chéanna do theanga an tsóisialaithe ag an gcoiste agus atá ag an bhfoireann agus ag an mBord Bainistíochta?

Cén tionchar/ról atá ag an gcoiste ar theanga an tsóisialaithe sa scoil?

Cad iad na dúshláin shóisialaithe teanga faoi láthair, dar leis an gcoiste?

Cé a ghlacann freagracht as an ngné seo de Pholasaí Labhairt na Gaeilge?

Conas atá ag éirí leis an gcoiste leis an ngné seo d'éiteas na scoile a chur chun cinn?

Roinnt spreagsmaointe: **Ról an Choiste Ghaeilge i leith Pholasaí Labhairt na Gaeilge agus an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe**

1
Úinéireacht ar Pholasaí Labhairt na Gaeilge a spreagadh i measc an phobail uile.

2
Cabhrú le timpeallacht Ghaeilge a chruthú agus a chothú.

3
Feidhmiú mar ambasadóirí na teanga agus ag spreagadh labhairt na Gaeilge, is cuma cén leibhéal líofachta atá ag daoine.

4
Bród agus fonn chun gníomhartha a spreagadh sna tuismitheoirí.

5
Straitéisí a mholadh don Bhord Bainistíochta agus bainistíocht na scoile.

6
A bheith lárnach i gceiliúradh laethúil na Gaeilge mar theanga an tsóisialaithe.

7
Go mbunófar an Coiste Gaeilge laistigh de phobal na scoile. Comhdhéanamh an choiste le haontú ag an scoil – mar shampla, tuismitheoirí, daltaí na n-ardranganna, múinteoirí, baill sheachtracha an phobail (gníomhairí teanga), foireann tacaíochta; iardhaltaí srl.



8

Ceannródaithe agus ceannasaithe teanga a aithint trí shuirbhé ar thuismitheoirí féachaint an mbeidís sásta tacaíocht teanga a chur ar fáil do thuismitheoirí eile.

9

Suirbhé agus ceistneoirí a scaipeadh ar na daltaí le húsáid na Gaeilge sa scoil a mheas. Tabharfaidh sé seo treoir do Pholasaí Labhairt na Gaeilge.

10

Cairt / Conradh teanga a chruthú a bheidh feiceálach ar bhallaí na scoile – i. sainmheon teanga na scoile, na haidhmeanna, róil agus cur chuige uile na scoile i leith labhairt na Gaeilge.

11

Duine a ainmniú le bheith mar cheannasaí ar an gCairt.

12

Moltar go mbeadh gach tuismitheoir /dalta eolach ar aidhmeanna na Cairte agus í a ghlacadh chucu féin mar sprioc phearsanta agus sprioc chomhaontaithe idir iad féin agus tuismitheoirí / daltaí / foireann na scoile.

13

Moltar, más ann don spás, spás Gaeilge nó 'Tearmann Teanga' a bhunú do thuismitheoirí, áit le haghaidh caint, caife agus fiú léitheoireacht Ghaeilge le páistí níos óige faoina gcúram agus iad ag fanacht ar pháistí a phiocadh suas.

14

Ranganna Gaeilge do thuismitheoirí a éascú agus a spreagadh de réir leibhéil éagsúla. Sa chás nach bhfuil d'acmhainn ag an scoil iad a mhaoiniú, eolas a chur ar fáil faoi ranganna atá ar fáil.

15

Ceannasaíocht a ghlacadh as clár a fhorbairt a thacóidh le forbairt teanga na dtuismitheoirí.

16

Tuairisciú don phobal ar obair an Choiste – mar chuid den nuachtlitir, ar an suíomh gréasáin, trí bhlaganna, ag cruinnithe nó eile.

Nod don eolach!
Tá an suíomh www.irishforparents.ie cruthaithe ag Gaeloideachas le cúnamh teanga a thabhairt do thuismitheoirí!?

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.

www.gaeloideachas.ie 24

Roinnt spreagcheisteanna: **Pobal na Gaeilge lasmuigh de gheataí na scoile**

An bhfuil grúpaí / eagraíochtaí Gaeilge sa cheantar áitiúil?

An bhfuil ról ag an scoil i gcur chun cinn na teanga sa phobal áitiúil? Cén fáth?

Cén tionchar atá ag pobal na Gaeilge lasmuigh de gheataí na scoile ar theanga an tsóisialaithe sa scoil?

Cad is féidir le pobal na Gaeilge lasmuigh de gheataí na scoile a dhéanamh chun an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe a spreagadh?

An mbeadh nasc leis an bpobal Gaeilge sa cheantar ina leas do theanga an tsóisialaithe sa scoil?

Cé ar a bhfuil an fhreagracht as teanga an tsóisialaithe lasmuigh de gheataí na scoile?

Cén ról atá ag an scoil i stádas na Gaeilge sa cheantar? An bhfuil sé inmhianta go mbeadh ról ag an scoil? Conas?

Roinnt spreagsmaointe: **Pobal na Gaeilge lasmuigh de gheataí na scoile**

1

Go nglacfar páirt in imeachtaí agus i gcomórtais lasmuigh den scoil a spreagfaidh suim na ndaltaí i ngnáthúsáid na teanga.

2

Go ndéanfaí cuairteanna chuig an nGaeltacht a eagrú nó malartú daltaí a dhéanamh idir scoileanna laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht.



3

Go ndéanfaí tograí teanga trína n-iarrfaí ar dhaltaí agallaimh a dhéanamh le sárchainteoirí, obair bhaile ag bailiú eolais ó sheantuismitheoirí, srl.

4

Go gcothófaí nasc le grúpaí óige sa phobal chun labhairt shóisialta na teanga a chur chun cinn i dteannta a chéile

5

Go ndéanfar nasc a chruthú agus a chothú le naíonraí, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna máguaird atá ag feidhmiú trí Ghaeilge chun pobal beag de Ghaeilgeoirí a chothú agus stádas sóisialta a bhronnadh ar an teanga.

6

Turais/cuairteanna a eagrú le páistí eile sa scoil taobh amuigh d'am scoile agus iad a mhealladh chun Gaeilge a úsáid. Tá sé tábhachtach go gcloisfeadh na páistí Gaeilge in úsáid mar theanga taobh amuigh de gheataí na scoile.

9

Go gcothófaí nasc le clubanna óige/drámaíocht/spraoi/ spóirt lasmuigh den scoil.



7

Go dtabharfaí cuireadh do dhaoine ón bpobal a bhfuil baint acu le saol na Gaeilge teacht isteach agus caint spreagúil a thabhairt do dhaltaí

8

Go gcothófaí nasc láidir idir na daltaí agus sárchainteoirí ón bpobal, iad a thabhairt isteach chun am sóisialta a chaitheamh leis na daltaí.

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.

Roinnt spreagcheisteanna: **Ról na dtuismitheoirí i leith Pholasaí Labhairt na Gaeilge agus an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe**

Cén ról a shíleann tú ar cheart a bheith ag tuismitheoirí i i gcur chun cinn an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe sa scoil – eatarthu féin agus iad ag plé le daltaí?

Cad iad na dúshláin a bhaineann le labhairt na Gaeilge i measc na dtuismitheoirí faoi láthair?

An dtuigeann tuismitheoirí fís na scoile i leith labhairt na Gaeilge?

Cén meon atá ag tuismitheoirí i leith labhairt na Gaeilge – 1) labhairt na Gaeilge idir daltaí go sóisialta agus 2) labhairt na Gaeilge ina measc féin?

An mbraitheann tuismitheoirí go gcaithfidh siad a bheith líofa sa teanga le húinéireacht a bheith acu uirthi?

An fíor go bhfuil líofacht riachtanach chun ról a bheith agat i gcur chun cinn na teanga sa scoil? Cén chaoi ar féidir dul i ngleic leis an meon seo go dearfach?

Cad is féidir le tuismitheoirí a dhéanamh chun an Gaeilge mar theanga an tsóisialaithe a spreagadh 1) ina measc féin, 2) le daltaí ar láthair na scoile?

Cé a ghlacann freagracht as an ngné seo de Pholasaí Labhairt na Gaeilge?

An bhfuil tuismitheoirí sásta ról gníomhach a ghlacadh ag spreagadh labhairt na Gaeilge 1) ina measc féin, 2) le daltaí ar láthair na scoile?

Roinnt spreagsmaointe: **Ról na dtuismitheoirí i leith Pholasaí Labhairt na Gaeilge agus an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe**

1

Tá tacaíocht na dtuismitheoirí ag teastáil go géar chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga chumarsáide na scoile agus chun a bheith ina ndea-shampla dá gcuid páistí agus do dhaltaí eile na scoile.

2

Moltar go dtabharfaidh Coiste na dTuismitheoirí deis do Choiste na Gaeilge tuairisc a thabhairt ag an gcruinniú ginearálta bliantúil agus go n-aithneofaí go hoifigiúil a gcuid oibre.



3

Polasaí Labhairt na Gaeilge a bheith mar mhír sheasta ag gach cruinniú den Choiste Gaeilge agus de Choiste na dTuismitheoirí.

4

Gaol láidir comhoibritheach a chothú idir an Bord Bainistíochta, an Coiste Gaeilge agus Coiste na dTuismitheoirí mar a bhaineann le héiteas na Gaeilge a chur chun cinn. Níor mhór an t-ábhar ón dá choiste a chur ar fáil go dátheangach ar a laghad (nó i nGaeilge amháin más é sin polasaí na scoile).

5

Nósanna a chruthú sa teaghlach roinnt Gaeilge a úsáid taobh amuigh den teach m.sh beannachtaí / buíochas a ghabháil i siopaí chun ardú stádais a thabhairt don Ghaeilge.

6

Beifear ag súil leis go labhróidh na tuismitheoirí cibé Gaeilge atá acu leis na páistí taobh amuigh agus go mór-mhór taobh istigh de bhallaí na scoile. Ní mór cultúr a chothú ina bhfáiltítear roimh gach leibhéal Gaeilge.

7

Míneofar Polasaí Labhairt na Gaeilge do gach tuismitheoir/ caomhnóir sula dtagann a c(h)éad pháiste ar scoil agus beifear ag súil go dtabharfaidh siad tacaíocht don Pholasaí agus iad ina dtuismitheoirí nó ina gcaomhnóirí sa scoil.



8

Déanfar tuismitheoirí a spreagadh chun ról a ghlacadh sa Choiste Gaeilge agus i gcur i bhfeidhm Polasaí Labhairt na Gaeilge.

9

Iarrfar ar thuismitheoirí/ chaomhnóirí (agus ar fheighlithe a oiread agus is féidir) Gaeilge a labhairt le chéile, leis na daltaí agus leis an bhfoireann de réir a n-acmhainne agus iad i dtimpeallacht na scoile nó ar ghnó scoile.

10

Iarrfar ar thuismitheoirí a bheith ag faire amach d'earráidí teanga agus bealach éigin a chruthú dóibh le tuairisciú ar ais don Choiste Gaeilge faoi na heasnaimh teanga a fheiceann siad agus na bealaí ar féidir leis an mbaile cabhrú leis an scoil – i spiorad na comhpháirtíochta.

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.

Roinnt spreagcheisteanna: **Tacaíocht Teanga do Thuismitheoirí /do Chaomhnóirí**

Cad iad na tacaíochtaí atá/a bheidh ar fáil chun cumas Gaeilge na dtuismitheoirí a shaibhriú?

Céard iad na dúshláin teanga is coitianta i measc na dtuismitheoirí faoi láthair? An bhfuil bearnaí i réimse ar leith den teanga a d'fhéadfaí a líonadh?

Céard is féidir leis an scoil a dhéanamh leis an teanga labhartha a spreagadh i measc na dtuismitheoirí – iad sin le Gaeilge, gan Ghaeilge nó ar bheagán Gaeilge?

Cé a ghlacfaidh freagracht as na tacaíochtaí a chur ar fáil? An bhfuil buiséad ann dó? An bhféadfaí ócáid tiomsaithe airgid a dhéanamh uair sa bhliain chun tacaíochtaí Gaeilge a chur ar fáil do thuismitheoirí (ranganna Gaeilge, mar shampla)?

An bhfuil freastal á dhéanamh ar thuismitheoirí ar chumas éagsúla teanga?

Cén fhís atá ag tuismitheoirí dá gcumas teanga féin? Cabhróidh an suirbhé ar thuairimí na dtuismitheoirí i leith úsáid na Gaeilge leis seo. (Aguisín C).

Nod don eolach!
Tá leabhrán de fhrásaí úsáideacha Gaeilge ar fáil!
Ordaigh cóip saor in aisce de Déan Comhrá ag www.gaeloideachas.ie

Roinnt spreagsmaointe: **Tacaíocht Teanga do Thuismitheoirí /do Chaomhnóirí**



1

Déanfar coiste na dTuismitheoirí a chumasú leis an oiread Gaeilge agus is féidir a úsáid agus iad i mbun a gcuid gnó.

2

Cuirfear treoir ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí atá ar bheagán Gaeilge chun cabhrú leo i leith na Gaeilge. Cuirfear eolas ar fáil maidir le ranganna Gaeilge a bhíonn ar siúl sa cheantar, nó sa scoil.

3

Moltar dóibh leas a bhaint as na hacmhainní agus tacaíochtaí atá ar fáil:- Imeachtaí Muintearas, Tuismitheoirí na Gaeltachta, Mother Tongues, Glór na nGael, Glór na Móna, Raidió na Gaeltachta, TG4, srl.

4

Cuirfear liosta abhaile de fhrásaí a mbítear ag súil leis go n-úsáidfidh na tuismitheoirí agus iad sa scoil – ionas nach gcloisfidh na páistí Béarla á labhairt ag a dtuismitheoirí ar láthair na scoile.

5

Moltar teanga an chlóis agus an spóirt a roinnt le tuismitheoirí chun iad a chumasú leis an taobh sóisialta agus spóirt a spreagadh leis an nGaeilge sa bhaile.

6

Tá ról lárnach ag tuismitheoirí in obair bhaile a gcuid páistí. Moltar liosta a chur le chéile, i gcomhairle le Coiste na dtuismitheoirí /coiste na Gaeilge maidir le frásaí agus foclaíocht a bheadh úsáideach chun cabhrú leis an obair bhaile.

7

Déanfar cur chuige an obair bhaile agus treoir a chur ar fáil do thuismitheoirí faoi conas dul i ngleic go dearfach le hobair bhaile, go háirithe mura bhfuil an téarmaíocht ar eolas ag an tuismitheoir. Is féidir ranganna Gaeilge bunaithe ar obair bhaile a chur ar fáil, rud a chuirfeadh leis an ngné shóisialta do thuismitheoirí freisin.

8

Tugtar cuireadh do thuismitheoirí freastal ar ócáidí Gaeilge/Bricfeasta Gaelach sa scoil.

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.

Nod don eolach!
Tá suíomh www.irishforparents.ie ag Gaeloideachas? Tugann sé deis do thuismitheoirí a scileanna teanga a fhorbairt ar líne.

Roinnt spreagcheisteanna: **Ról an Mhúinteora i leith Pholasaí Labhairt na Gaeilge agus an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe**

Cén tionchar / ról atá ag múinteoirí i sóisialú Gaeilge sa scoil?

Cén tuiscint / sainmhíniú atá ag múinteoirí ar shóisialú teanga?

Cad iad na dúshláin do theanga an tsóisialaithe i measc na ndaltaí faoi láthair?

Cad is féidir leis na múinteoirí a dhéanamh leis an nGaeilge mar theanga an tsóisialaithe a spreagadh?

An bhfuil an teanga chuí ag múinteoirí leis an nGaeilge mar theanga an tsóisialaithe a spreagadh i measc daltaí?

Cad iad na meicníochtaí a chuirfear i bhfeidhm le forbairt a dhéanamh ar chumas teanga na foirne?

Cén chaoi ar féidir na daltaí a chumasú tríd an gcuraclam leis an teanga chuí a shealbhú?

Cé chomh lárnach dá gclár oibre féin is a fheiceann múinteoirí an cheist seo?

Roinnt spreagsmaointe: **Ról an Mhúinteora i leith Pholasaí Labhairt na Gaeilge agus an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe**

1

Moltar an luath-thumadh ar feadh dhá bhliain chun go mbeidh na daltaí cumasaithe leis an teanga chuí a shealbhú le dul i ngleic le gach gné den churaclam. Ní chuirfear tús le léitheoireacht fhoirmiúil sa Bhéarla ná ar scéimeanna foghraíochta sa Bhéarla roimh an gcéad téarma i Rang a hAon.

2

Is í an Ghaeilge an teanga chumarsáide a bheidh ag foireann uile na scoile i dtimpeallacht na scoile agus ag freastal ar aon imeacht a bhaineann leis an scoil, seachas nuair a bhíonn teanga eile á múineadh.

3

Is cuid de dhualgas fhoireann na scoile é tacú ar gach bealach le Polasaí Labhairt na Gaeilge a chur i bhfeidhm.

4

Caithfidh an teachtaireacht chéanna a bheith ag teacht ó gach múinteoir go seasta agus go soiléir.

5

Cód iompair i leith na Gaeilge, agus gach múinteoir leanúnach i dtaobh chur i bhfeidhm Polasaí Labhairt na Gaeilge.

6

Ionchas láidir i bpolasaí na scoile gurb í an Ghaeilge a bheidh in úsáid go sóisialta ag múinteoirí agus daltaí.

7

Caidreamh maith idir múinteoirí agus daltaí chun Polasaí Labhairt na Gaeilge a chur i bhfeidhm.

8

Ranganna teanga atá ábharbhunaithe ar fáil ar scoil do mhúinteoirí agus é éigeantach go ndéanfadh múinteoirí faoi bhun an chaighdeáin iad.

9

Tacaíocht do chruthú/ceartú áiseanna teagaisc ar fáil do mhúinteoirí ar chaighdeán íseal Gaeilge.

17

A bheith gníomhach (sna ranganna éagsúla) ag scríobh blaganna, eolas do shuíomh na scoile; gearrfhíseáin faoin saol sa scoil, srl.

10

Scéim tacaíochta/sparánachta ar fáil do mhúinteoirí chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge.

11

Cúrsaí rialta a chur ar fáil do mhúinteoirí na scoile i ngnéithe a bhaineann leis an tumoideachas – m.sh. teagasc teanga agus ábhar, forbairt scileanna délitearthachta comhionanna, múineadh tríd an dara teanga, tríd an gcéad teanga.

16

Daltaí a spreagadh le conradh a shíniú – comhaontú ar a ról, is é sin a gcion féin a dhéanamh don teanga - ní hamháin ar a son féin ach ar son na scoile agus na sochaí agus teacht ar an gcinneadh pearsanta gur leo an teanga.



12

Múinteoirí a mhealladh i dtreo cúrsaí iarchéime – m.sh. M. Oid. san Oideachas lán-Ghaeilge, MA i dteagasc Teangacha.

15

Córas dearfach a bheith i bhfeidhm sa rang – Gaeilgeoir na seachtaine/ teastais ar chrochadh/ clár na bhfógraí.

13

Ceangal agus comhoibriú le múinteoirí eile/scoileanna eile.

14

Ar chlár gach plean seachtaine an mhúinteora – plé oscailte faoin nGaeilge – faoina tábhacht, faoina stádas sa tír, sa domhan, srl.

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.

Roinnt spreagcheisteanna: **Tacaíocht Foghlama**

Cén tionchar/ ról atá ag an tacaíocht foghlama ar theanga an tsóisialaithe sa scoil?

Cad iad na dúshláin shóisialaithe teanga faoi láthair ó shúile na foirne tacaíochta?

Cad is féidir a dhéanamh agus tacaíocht foghlama á cur ar fáil chun an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe a spreagadh?

An bhfuil an teanga cuí ag an bhfoireann tacaíochta foghlama chun an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe a spreagadh i measc daltaí?

An gcinntítear go bhfuil an fhorbairt ghairmiúil chuí ag an bhfoireann tacaíochta don suíomh tumoideachais?

An bhfuil na seirbhísí tacaíochta seachtracha ag cur tacaíocht ar fáil i nGaeilge?

An bhfuil sé mar pholasaí Cúntóirí Riachtanais Speisialta le Gaeilge a earcú?

Cén chaoi a fhreastalaítear ar phaistí le Gaeilge mar theanga baile/ar pháistí dátheangacha?

Roinnt spreagsmaointe: **Ról na tacaíochta foghlama i leith Pholasaí Labhairt na Gaeilge agus an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe**

1

Go ndéanfar éileamh ar sheirbhísí measúnaithe agus tacaíochta i nGaeilge (NEPS, srl.).

2

Go ndéanfar éileamh ar thuairiscí síceolaíocha agus tástálacha urlabhra caighdeánacha i nGaeilge chomh fada agus is féidir.



3

Go mbeadh tacaíocht ón mBord Bainistíochta do ranganna TEG agus d'aon fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chuirfeadh le saibhriú Gaeilge na gcúntóirí tacaíochta.

4

Go gcuirfear tacaíocht foghlama ar fáil do pháiste le riachtanais bhreise i dteanga na scoile / ina dteanga dhúchais / go dátheangach.

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.

Roinnt spreagcheisteanna: **An Bord Bainistíochta**

Cén tuiscint / sainmhíniú atá ag an mBord Bainistíochta ar theanga an tsóisialaithe?

Cén leibhéal sástachta atá ag an mBord faoi pholasaí / chleachtas reatha na scoile i leith na Gaeilge mar theanga an tsóisialaithe?

Cén toradh a fheiceann an Bord Bainistíochta ar Pholasaí Labhairt na Gaeilge na scoile?

An gcreideann an Bord go bhfuil sé réadúil a bheith ag súil le húsáid na Gaeilge i gcónaí?
a) i measc na ndaltaí?
b) i measc an bhoird féin?
c) i meas grúpaí seachtracha?

Cén tionchar/ról atá/a bheidh ag an mBord Bainistíochta ar theanga an tsóisialaithe sa scoil?

Cad iad na dúshláin atá roimh úsáid na Gaeilge go sóisialta i measc daltaí faoi láthair?

Cad is féidir leis an mBord Bainistíochta a dhéanamh an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe a spreagadh?

Conas is féidir le Polasaí Labhairt na Gaeilge an bhearna idir an staid reatha agus fís na scoile a shárú?

Cé a ghlacann freagracht as an ngné seo den pholasaí Labhairt na Gaeilge?

An gcreideann an bord go bhfuil polasaí labhairt na Gaeilge inmhianaithe?

Roinnt spreagsmaointe: **Ról an Bhoird Bhainistíochta i leith Pholasaí Labhairt na Gaeilge agus an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe**

1

Go mbíonn tiomantas ón mBord Bainistíochta/ go mbeidh gach gné de shaol na scoile fréamhaithe san éiteas Gaeilge.

2

Go mbíonn an Bord Bainistíochta ag feidhmiú trí Ghaeilge amháin.

5

Go mbeidh sreabhadh eolais leanúnach á chur ar fáil faoi bhuntáistí an dátheangachais/ tumoideachais do thuismitheoirí agus do na daltaí.



3

Gurb i nGaeilge a dhéanfaidh an scoil a gnó leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis an gcigireacht agus leis an gcuid eile den státchóras chomh fada agus is féidir.

4

Go ndéanfaí gaol láidir comhoibritheach a chothú idir an Bord Bainistíochta, an Coiste Gaeilge agus Coiste na dTuismitheoirí, mar a bhaineann le héiteas na Gaeilge a chur chun cinn. Níor mhór an t-ábhar ón dá choiste a chur ar fáil go dátheangach ar a laghad.

6

Go mbíonn Polasaí Labhairt na Gaeilge mar mhír sheasta ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta.

7

Go ndéanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar fheidhmiú agus ar oiriúnacht Polasaí Labhairt na Gaeilge go bliantúil i gcomhar leis an bPríomhoide agus le foireann na scoile.



9

Go mbeidh comhthuiscint agus comhaontú láidir idir an Bord, an fhoireann agus na daltaí ar an rún maidir le labhairt na Gaeilge agus ar an gcur chuige.

8

Go mbronnfaí teastas/duais ar ambasadóir na Gaeilge gach bliain ag an gcruinniú ghinearálta bhliantúil.

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.



Nod don eolach!
Tá treoirleabhar lán le straitéisí agus moltaí praiticiúla do phlean teanga scoile ar fáil! Íoslódáil Polasaí Labhairt na Gaeilge ag www.gaeloideachas.ie.

Tacaíochtaí Breise
Is fiú breathnú ar an Teimpléad do Pholasaí Gaeilge do Bhunscoil Ghaeltachta atá ar fáil ag www.cogg.ie. Tá go leor smaointe fiúntacha ann do bhunscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht freisin.

Roinnt spreagcheisteanna: **Earcú Foirne agus ceist na Gaeilge**

An dtógtar Polasaí Labhairt na Gaeilge san áireamh agus foireann nua á n-earcú?

Céard iad na dúshláin atá ann ó thaobh earcú foirne le Gaeilge?

Céard is féidir a dhéanamh agus foireann á hearcú chun cosaint a thabhairt d'éiteas teanga na scoile agus Polasaí Labhairt na Gaeilge?

An bhfostófar duine ar bhonn eisceachtúil nach bhfuil cumas sa Ghaeilge acu?

An bhfuil comhaontú ann go bhfuil dualgas ar an mBord Bainistíochta foireann lánoilte le hardchumas Gaeilge a earcú, mar aon le rúnaí, feighlí agus cúntóirí riachtanais speisialta atá in ann feidhmiú trí Ghaeilge?

Cé chomh tábhachtach is atá meon dearfach i measc na foirne i leith úsáid na teanga a spreagadh?

Cad iad na meicníochtaí a chuirfear i bhfeidhm le forbairt a dhéanamh ar chumas teanga na foirne?

Roinnt spreagsmaointe: **Earcú Foirne agus ceist na Gaeilge**

1

Moltar agallamh a chur ar gach iarrthóir poist chun cumas agus oiriúnacht an iarrthóra don suíomh lán-Ghaeilge / Gaeltachta a mheas.

2

Tabharfar cóip de Pholasaí Labhairt na Gaeilge do gach ball foirne sa scoil agus tabharfar mar eolas d'iarrthóirí ar phoist sa scoil iad sula gcuirtear faoi agallamh iad.

3

Agus múinteoirí nua á gceapadh, déanfar gach iarracht múinteoirí a cheapadh a thuigeann córas an tumoideachais agus foghlaim an dara teanga. Is gá ag an staid seo a mhíniú dóibh go mbeidh dualgas orthu an Ghaeilge a leathnú mar theanga labhartha chumarsáide.

4

Ní mór Gaeilge chruinn, líofa ó bhéal agus i scríbhinn a bheith acu. Sa chás nach bhfuil, cuirfear tacaíocht chuí ar fáil dóibh leis an leibhéal teanga atá acu a fheabhsú.

5

Moltar post freagrachta a chruthú le cúram chur chun cinn na Gaeilge.

6

Moltar tacaíocht ón mBord Bainistíochta íoc as ranganna TEG agus tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach mar a bhaineann le saibhriú na Gaeilge.

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.

Roinnt spreagcheisteanna: **Riaracháin**

Cén tionchar atá/ a bheidh ag obair riaracháin na scoile ar theanga an tsóisialaithe sa scoil?

An bhfuil tábhacht leis an teanga a bhíonn in úsáid i riarachán na scoile?

Céard iad na dúshláin i leith cúrsaí teanga i riarachán na scoile?

Céard is féidir leis an bhfoireann riaracháin a dhéanamh chun an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe a spreagadh?

An bhfuil sé réadúil a bheith ag súil le húsáid na Gaeilge i gcónaí?

Cé a ghlacann freagracht as an gné seo de Pholasaí Labhairt na Gaeilge?

Cén tacaíocht teanga atá ar fáil don fhoireann riaracháin?

Roinnt spreagsmaointe: **Riaracháin**

1

Go mbeidh Gaeilge labhartha ag foireann na hoifige sa scoil ionas go mbeidh an teanga in úsáid leis na daltaí i gcónaí.

2

Is i nGaeilge/go dátheangach a bheidh láithreán gréasáin agus meáin shóisialta na scoile.

3

Eiseofar nuachtlitir sheachtainiúil / choicísiúil / mhíosúil chun dul chun cinn na ndaltaí sa Ghaeilge a fhógairt – tá cumarsáid leis an mbaile croílárnach d'fhís na scoile agus tuigtear gur gá tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi dhea-iompar agus dul chun cinn na ndaltaí.

4

Buaiteoirí na gcomórtas i leith úsáid na Gaeilge, srl. a fhógairt sa Nuachtlitir. Má tá aon eolas freisin maidir le himeachtaí as Gaeilge sa cheantar, roinnfear an t-eolas anseo leis.

5

Is i nGaeilge amháin a bheidh na tuairiscí cinn bhliana a scríobhann na múinteoirí faoi na daltaí. Is féidir leis an mBord Bainistíochta eisceachtaí a dhéanamh sa chás seo. Is féidir go gcuirfí gluais téarmaíochta ar fáil.

6

Ócáidí Gaelacha an phobail a fhógairt ar scoil, gréasán Gaelach a thógáil.

7

Ranganna teanga ar fáil ar scoil agus éigeantach go ndéanfadh foireann tacaíochta na scoile faoi bhun an chaighdeáin iad.

8

Is i nGaeilge (nó go dátheangach) a bheidh gach comhfhreagras, fógra srl., a eiseoidh an scoil chuig pobal na Scoile.

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.

Tobsmaointeoireacht

Bunaithe ar na ceisteanna thuas agus ag baint leasa as na spreagsmaointe sa leabhrán seo mar threoir, moltar seisiún tobsmaointeoireachta a reáchtáil ar mhaithe le moltaí praiticiúla a chur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge.

Scoil XXXX
An Ghaeilge: Teanga na Cumarsáide, an Spraoi agus an tSóisialaithe

Teimpléad de Pholasaí Labhairt na Gaeilge

Bunaithe ar na smaointe atá tagtha chun cinn tríd an bplé a chothaigh an leabhrán, leag amach thíos na míreanna is iomchuí de pholasaí labhairt na Gaeilge i do scoil.

1. Fís na Scoile
2. Réamhrá agus Réasúnaíocht
3. Aidhmeanna agus Cuspóirí
4. Straitéisí teanga agus feasacht teanga
5. Ról an Mhúinteora
6. An Ghaeilge i gClós na Scoile
7. Tacaíocht Foghlama
8. An Ghaeilge i Riarachán na Scoile
9. Tuismitheoirí agus an Ghaeilge
10. Cur i bhfeidhm

Do Theanga – Do Thuairim! - Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Rang ina bhfuil an páiste/na páistí: _____

1= I gcónaí 2 = go hiondúil 3= go minic 4= anois is arís 5 = riamh

Ag úsáid na foirmle thuas, tabhair uimhir do gach ráiteas le do thoil:-

Labhraím Gaeilge leis na páistí sa bhaile	
Is í an Ghaeilge príomhtheanga labhartha an bhaile	
Labhraím Gaeilge leis na páistí sa chlós	
Labhraím Gaeilge leis na múinteoirí	
Labhraím Gaeilge leis an bPríomhoide	
Labhraím Gaeilge le tuismitheoirí eile	
Mothaím muiníneach ag labhairt as Gaeilge	
Mothaím muiníneach ag scríobh as Gaeilge	
Mothaím muiníneach ag léamh as Gaeilge	
Bainim leas as an acmhainn www.irishforparents.ie	
Bíonn na focail agam atá ag teastáil chun labhairt leis na páistí i dtimpeallacht na scoile	
Bíonn na focail agam atá ag teastáil chun labhairt leis na páistí sa bhaile agus muid i mbun cluichí spraoi	
Bíonn na focail agam atá ag teastáil chun labhairt leis na páistí sa bhaile agus muid i mbun obair bhaile	
Ceapaim go bhfuil sé tábhachtach an Ghaeilge a labhairt leis na páistí sa bhaile	
Ceapaim go bhfuil sé tábhachtach an Ghaeilge a labhairt i dtimpeallacht na scoile	
Is breá liom bheith ag labhairt na Gaeilge	
Is breá liom an Ghaeilge	
Ba bhreá liom níos mó deiseanna chun an Ghaeilge a labhairt	
Ba bhreá liom níos mó deiseanna chun an Ghaeilge a fhoghlaim	
Ba bhreá liom a bheith páirteach i gcur chun cinn na Gaeilge sa scoil i measc tuismitheoirí	
Ba bhreá liom a bheith páirteach i gcur chun cinn na Gaeilge sa scoil i measc na ndaltaí	

Do Theanga – Do Thuairim! - Daltaí

Rang: _____ Dalta: _____

1= I gcónaí 2 = go hiondúil 3= go minic 4= anois is arís 5 = riamh

Ag úsáid na foirmle thuas, tabhair uimhir do gach ráiteas le do thoil:-

Labhraím Gaeilge leis na páistí sa seomra ranga nuair atá an múinteoir ag éisteacht	
Labhraím Gaeilge leis na páistí sa seomra ranga nuair nach bhfuil an múinteoir ag éisteacht	
Labhraím Gaeilge leis na páistí sa chlós nuair atá an múinteoir ag éisteacht	
Labhraím Gaeilge leis na páistí sa chlós nuair nach bhfuil an múinteoir ag éisteacht	
Labhraím Gaeilge leis na múinteoirí	
Labhraím Gaeilge leis an bPríomhoide	
Mothaím muiníneach ag labhairt as Gaeilge	
Mothaím muiníneach ag scríobh as Gaeilge	
Mothaím muiníneach ag léamh as Gaeilge	
Mothaím níos muiníní ag labhairt as Gaeilge ná Béarla	
Bíonn na focail agam atá ag teastáil chun labhairt leis na daltaí eile	
Bíonn na focail agam atá ag teastáil chun labhairt leis na daltaí eile agus muid i mbun cluichí spraoi	
Ceapaim go bhfuil sé tábhachtach an Ghaeilge a labhairt sa seomra ranga	
Ceapaim go bhfuil sé tábhachtach an Ghaeilge a labhairt gach áit sa scoil taobh amuigh den seomra ranga	
Is breá liom bheith ag foghlaim ar an ríomhaire trí Ghaeilge	
Is breá liom éisteacht le ceol Gaelach	
Is breá liom breathnú ar chláir teilifíse agus ar an idirlíon trí Ghaeilge	
Labhraím Gaeilge sa bhaile	
Labhraím Gaeilge ag spraoi le mo chairde lasmuigh d'amanna scoile	
Is breá liom an Ghaeilge	
Tá sé spraiúil Gaeilge a labhairt	

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Halla Naomh Pádraig
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9, D09 K4P6
Éire

+353-1-853 5195
eolas@gaeloideachas.ie
www.gaeloideachas.ie